




CULTÚIR
DHIGITEACHA



CRUTHAITHEACHT
RANNPHÁIRTÍOCHTA



DAONNACHTÁI
TIMPEALLACHTA



AN tSLÁINTE, AN
MHÍOCHAINE AGUS
AN FHOLLÁINE



ÉIRE SA DOMHAN



TAIRSEACHA EOLAIS



AG TRASNÁISIÚNÚ NA
nDAONNACHTÁI



AN FORÉIGEAN
AGUS AN tSOCHAÍ

**Coláiste na nEalaíon agus na
nDaonnachtaí UCD**
**Tuarascáil maidir le Téamaí Taighde,
2020-2024**

Fáilte chuig an tuarascáil maidir le Straitéis Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí UCD, 2020-2024

Tugann an straitéis an tsármhaitheas taighde uile ó fud fad Scoileanna, Institiúidí, Lárionaid agus disciplíní ábhair na hOllscoile le chéile is tacaíonn sé léi. Cuireann an straitéis creat comhleanúnach agus cumasaithe ar fáil chun saineolas idirdhisciplíneach a fhorbairt.

I gcroílár na straitéise, tá ocht dtéama taighde.

- Cultúir Dhigiteacha.
- Cruthaitheacht Rannpháirtíochta.
- Daonnachtaí Timpeallachta.
- An tSláinte, An Mhíochaine agus an Fholláine.
- Éire agus an Domhan.
- Tairseacha Eolais.
- Ag Trasnáisiúnú na nDaonnachtaí.
- An Foréigean agus an tSochaí.

Le chéile, tacaíonn na hocht dtéama le ceithre réimse théamacha straitéiseacha straitéis UCD, 2020-2024 ‘Réidh don Todhchaí’: ‘Sochaí Dhomhanda InmhARTHANA a Chruthú’; ‘Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach’; ‘Domhan Sláintiúil a Fhorbairt’; ‘An Cine Daonna a Chumasú’.

Clúdaítear sa tuarascáil seo gach obair a cuireadh i gcrích le linn thréimhse 2020-2024, agus is taisclann í don obair fhairsing atá ar siúl i dtaca le gach téama. Is féidir leat léamh faoi obair acadúil, rannpháirtíocht phoiblí agus tionchar na dtéamaí seo faoi thrí phríomh-cheannteideal: foilseacháin, maoiniú agus imeachtaí.

An tOllamh Regina Úí Chollatáin

Príomhoifigeach agus Déan
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

Clár na nÁbhar

Na Cultúir Dhigiteacha Digital Cultures	1
Cruthaitheacht Rannpháirtíochta Engaged Creativity	7
Daonnachtaí Timpeallachta Environmental Humanities	11
An tSláinte, an Mhíochaine agus an Fholláine Health, Medicine, and Wellbeing	17
Éire sa Domhan Ireland in the world	23
Tairseacha Eolais Tresholds of Knowledge	27
Ag Trasnáisiúnú na nDaonnachtaí Transnationalising the Humanities	33
An Foréigean agus an tSochaí Violence and Society	38



CULTÚIR DHIGITEACHA

Na Cultúir Dhigiteacha | Digital Cultures

Ceannairí an tSnáithe: Lynda Mulvin agus Marc Caball

Réamhrá

Tá aitheantas forleathan ar UCD as a obair nuálach agus nithiúil ar thús cadhnaíochta réimse an chultúir dhigitigh. Tá Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtáí UCD ina cheannródaí maidir le cuir chuige nua idirdhisciplíneacha chun an t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a thaifeadadh, a mhúnlú agus a fhorbairt. I measc na mórtéamaí a pléadh cheana féin, tá stair an leabhair, an tuiscint ar ghalar, tógáil galair agus bithpholaitíocht, cuimhne chultúrtha, olltiomsú sonraí, domhandú, cosaint leanaí, féiniúlachtaí náisiúnta, seanchas, oidhreacht agus cultúr, anailís ar na meáin shóisialta agus imirce.

Tá sé mar aidhm ag Lárionad UCD um Anailísíocht Chultúrtha UCD a chur i dtús cadhnaíochta sa chéad leagan eile de dhaonnachtáí digiteacha a chuireann leis na forbairtí seo chun leas iomlán a bhaint as uirlisí meaisínfhoghlama, rudaí ar nós anailíse ar na meáin shóisialta, leabú focal agus líonraí néaracha, chun patrúin sa bhreis ar phatrúin théacsacha a chur san áireamh.

Foilseacháin

Le Teacht: Leabhar arb iad Meaney, Gerardine, Claire Brophy, Derek Greene, Maria Mulvany, Karen Wade a chomhúdair. *Digital Encounters with the Victorians.* Cambridge, 2024.

Le Teacht: Wade, Karen. Mudie's Select Library and the Shelf Life of the Nineteenth-Century Novel. Cambridge University Press, 2024.

Le Teacht: Wade, Karen. "From the Freeman's Journal to the Waterford Whispers: The Digital Archiving, Publishing, and Reading of Irish News, 1800-2020." *Edinburgh Companion to Irish Literature and Periodical Culture*, arna chur in eagarr ag Elke d'Hoker agus Phyllis Boumans, Edinburgh University Press, 2025.

Caball, Marc, 'Print as technology: the case of the Irish language, 1571-1850' in *Technology in Irish literature and culture* (Cambridge University Press, 2023) arna chur in eagarr ag Margaret Kelleher agus James O'Sullivan.

Kelleher, Margaret, agus Karen Wade. "Irish Literary Feminism and Its Digital Archive(s)." *Technology in Irish Literature and Culture*, arna chur in eagarr ag James O'Sullivan agus Margaret Kelleher, Cambridge University Press, 2023, lgh. 235–52. Cambridge University Press, <https://doi.org/10.1017/9781009182881.016>.

Wade, Karen, Lauren Cassidy, agus Derek Greene. *Mudie's Select Library Catalogues*, 1848-1907. Harvard Dataverse, 10 Bealtaine 2024. dataverse.harvard.edu, <https://doi.org/10.7910/DVN/1YCFXZ>.

Meaney, Gerardine agus Maria Mulvany. Rosamond Jacob Exhibition Materials for Women's Voices and Life Writing 1600-1968. Adam Matthew Digital. 20 Feabhra 2024.

Derek Greene, James O'Sullivan, Daragh O'Reilly, Topic modelling literary interviews from *The Paris Review, Digital Scholarship in the Humanities*, Imleabhar 39, Eagrán 1, Aibreán 2024, Leathanaigh 142–153, <https://doi-org.ucd.idm.oclc.org/10.1093/lhc/fqad098>.

C. I. McGrath, 'The Penal Laws' in *The Oxford History of British and Irish Catholicism: Imleabhar II: Uncertainty and Change, 1641–1745*, arna chur in eagarr ag John Morrill agus Liam Temple (OUP, 2023), lgh 74-96. DOI: <https://doi.org/10.1093/oso/9780198843436.003.0005>

C. I. McGrath, 'Imperial Barrack-Building in Eighteenth-Century Ireland and Jamaica', in. *Ireland, Slavery and the Caribbean: Interdisciplinary perspectives 1620-1830* (MUP, 2023), arna chur in eagarr ag F. O'Kane & C. O'Neill, lgh 240-55.

DOI: <https://doi-org/10.7765/9781526151001.00024>

C. I. McGrath, 'Anti-Standing Army Ideology, Identity, and Ideas of Union within the British Isles, 1689–1714', *The Historical Journal*, 66, uimh. 1 (2023), lgh 27-48: Rochtaí Oscailte ar <https://www.doi.org/10.1017/S0018246X22000127>

C. I. McGrath, 'What's in a name? the lives and legends of Lansdowne Road Stadium and Football Club', *Dublin Historical Record*, 76 (2023), lgh 71-4.

Joyce Portrait 100 - leagan ilmheánach de A Portrait of the Artist as a Young Man (2016) le James Joyce ó Dheich mBliana na gComórtha Céad Bliain. www.joyceportrait100.com

Ardán Curatr - ardán taighde ar líne a chuireann rochtain ar fáil ar Bhailiúchán Digiteach Leabharlann na Breataine, arb ionann é agus breis is tríocha is a cúig mhíle teideal uathúil, idir shaothair ficsin agus neamhfhicsin, ó 1700 go 1899. Dearadh an t-ardán seo go sonrach le gur féidir le scoláirí na ndaonnachtaí é a úsáid gan ghá le han-chuid oiliúna teicniúla, agus cuireann sé feidhmiúlacht chuardaigh chuimsitheach ar fáil de réir eochairfhocail, údair, catagóire, agus dáta. <https://curatr.ucd.ie/>

Taispeántas Digiteach: Dublin Gothic <https://exhibitions.moli.ie/dublin-gothic>
Leabhair Ficsin Éireannacha Thaibhsíúla: <https://ghostlyirishfictions.com/>

Suíomh Idirlín Acmhainní le haghaidh Modhanna Digiteacha agus Inniúlacht Sonrai: <https://ucddigitalliteracy.com/>

Qiu, Fangzhe. “Verses in the ‘Iona Chronicle’? Textual and Linguistic Evidence.” In *Essays in Memory of Eleanor Knott*, arna chur in eagarr ag Christian Cleary agus Chantal Kobel, 157–203. Léann Na Trónóide 3. Baile Átha Cliath: Coláiste na Trónóide, Baile Átha Cliath, 2023.

Maoiniú

Snáithe 1 Chlár Taighde Thuaidh Theas an Údaráis um Ardoideachas (HEA), Mí Mheán Fómhair 2022- Mí Feabhra 2024: €199,761: Teideal an Tionscadail: ‘OSBMH: Our Shared Built Military Heritage: The online mapping, inventorying and recording of the Army Barracks of Ireland, 1690-1921’. Suíomh gréasain: <https://barracksireland.wordpress.com/>

Deontas digitithe Kevin B. Nowlan an Acadaimh Ríoga (RIA), Mí Lúnasa 2023 – Aibreán 2024: €9,815: Tionscadal: ‘Indexes of select British Army Monthly Returns in Ireland during the Late Nineteenth Century (1868-1873; 1898-1903)’.

ERC VICTEUR: European Migrants in the British Imagination: Victorian and Neo-Victorian Culture. Dámhadh Deontas d’Ardtaighde Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) de €2.5 milliún ar staidéar atá dírithe ar imirce agus cultúr. Mar chuid den staidéar cúig bliana a mbeidh an tOllamh Gerardine Meaney i gceannas air, déanfar anailís ar théacs beagnach 36,000 leabhar, i gCorpas Leabharlann na Breataine an Naoú hAois Déag, agus roinnfidh siad iad i bhfoirm dhigiteach leis an bhfoireann taighde. <https://projectvicteur.com/victeur>

Dámhadh Maoiniú FEÉ an Tionscnamh Taighde Ardáin de 20,000 ar an Dr. Maria Mulvany, an Dr. Derek Greene, an tOll. Gerardine Meaney as an tionscnamh acmhainní oideachais/Novel Analytics a fhorbairt: Tacú leis an gCuraclam Ríomheolaíochta Meánscoile www.novelanalytics.ie

Arna mhaoliniú ag FEÉ/Láriónad Insight um Anailísíochta Sonrai - An Tionscnamh Taighde Ardáin: Cineál 1: Cás Staidéir19 Meitheamh 2023 - Meitheamh 2024

Ceannaire an Tionscadail: An Dr. Maria Mulvany: Is é aidhm an tionscadail seo ná taisclann ar líne a chur ar fáil d’acmhainní teagaisc agus foghlama do mhúinteoirí agus mic léinn le haghaidh “Snáithe 3: Ríomheolaíocht i bhFeidhm: Tasc Foghlama Feidhmeach (ALT) 2: Anailísíocht” ar churaclam nua na Sraithe Sinsearaí sa Ríomheolaíocht. Tá sé i gceist againn a thaispeáint conas is féidir modhanna ríomheolaíochta a chur le cuir chuige atá bunaithe ar dhaonnachtaí ar bhealach rathúil chun staidéar a dhéanamh ar nithe cultúrtha agus chun rannpháirtíocht níos mó san ábhar seo agus éileamh níos mó air a spreagadh.

Dámhadh maioniú FEÉ an Tionscnaimh Taighde Ardáin le haghaidh Sonraí Inscne, Cultúir agus Stairiúla: I dTreo AI Criticiúil de €90,628 ar Gerardine Meaney, Derek Greene, agus Maria Mulvany agus Karen Wade mar phríomh-chomhoibritheoirí acu. Mí Mheán Fómhair 2024 - Mí Mheán Fómhair 2025

Imeachtaí

27 Feabhra 2024: Teach Tionóil na Cathrach, Sráid Liam Theas, Baile Átha Cliath: seoladh an tsuímh idirlín, léarscáile ar líne agus ceithre Bhróisiúr Turais Oidhreachta le haghaidh ‘**OSBMH: Our Shared Built Military Heritage: The online mapping, inventorying and recording of the Army Barracks of Ireland, 1690-1921**’. Suíomh gréasáin: <https://barracksireland.wordpress.com/>

29 Feabhra 2024: Músaem Uladh, Béal Feirste: seoladh an tsuímh idirlín, léarscáile ar líne agus ceithre Bhróisiúr Turais Oidhreachta le haghaidh ‘**OSBMH: Our Shared Built Military Heritage: The online mapping, inventorying and recording of the Army Barracks of Ireland, 1690-1921**’. Suíomh gréasáin: <https://barracksireland.wordpress.com/>

11 Deireadh Fómhair 2023: Oiliúint Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar thionscadal **Novel Analytics** do mhúinteoirí meánscoile

8 Samhain 2023: Imeacht Poiblí darbh ainm ‘**AI & Society**’. D’eagraigh Institiúid Fionnachtana UCD i gcomhar le Lárionad UCD um Beartas Poiblí agus Lárionad Taighde um Anailísíocht Sonraí Insight FEÉ imeacht i gCeoláras Náisiúnta Bhaile Átha Cliath darbh ainm ‘AI & Society’ inar thug an físi AI, Stuart Russell, ó University of California, Berkeley, eochairoráid. <https://www.ucd.ie/discovery/newsandevents/provocativekeynoteaiandsoc/>

8 Samhain 2023: **Technology, Literature and Culture**, 2023, Músaem Litríochta na hÉireann.

15 Samhain 2023: **States of Confinement – The Jail Journals of Rosamund Jacob and Dorothy Macardle**, 2023, Músaem Litríochta na hÉireann. In ‘States of Confinement’, arna reáchtáil ag Lárionad UCD um Anailísíocht Chultúrtha, rinneadh fiosrú agus comóradh ar scríbhneoireacht dhírbheathaisnéiseach agus ar fhicsean Polaitiúil Rosamund Jacob agus Dorothy Macardle. Scríobh Jacob agus Macardle cíona lae le linn dóibh a bheith i bpríosún i bPríosún Mhuinseo agus Príosún Chill Mhaighneann toisc gur gníomhaithe Poblachtacha a bhí iontu le linn Chogadh na gCarad in Éirinn in 1922-3. Chun céad bliain a bpríosúnachta agus oidhreacht a scríbhneoireachta a chomóradh, léigh na haisteoirí Carrie Crowley agus Kathy Rose O’Brien sleachta ó na cíona lae príosún, chuir acadóirí beatha agus scríbhneoireacht Jacob agus Macardle i gcomhthéacs, agus roinn scríbhneoirí an lae inniu Sophie White, Sinéad Gleeson, agus Lia Mills sleachta óna saothair féin.

18 Aibreán 2024. **Máistir-rang Dochtúireachta** le Paige Reynolds, Institiúid don Léann Daonna UCD. Arna eagrú ag Lárionad UCD um Anailísíocht Chultúrtha, cuireadh tús leis an máistir-rang seo le spás bríomhar idirphlé chun na príomhthéamaí a chíoradh a thagann chun cinn ón leabhar a scríobh Paige Reynolds le déanaí *Modernism in Irish Women's Contemporary Writing: The Stubborn Mode* (2023).

Christmas Ghost Story comhfhiontar le Músaem Litríochta na hÉireann <https://exhibitions.moli.ie/dublin-gothic/the-christmas-ghost-story>.

Agallamh an Dr. Katie Mishler - An cultúr gaelach, imirce, agus vaimpírí, do Chlár Faisnéise chainéal cultúrtha Teilifíse Eorpaí ARTE - “**Invitation au voyage**”; 2 Iúil, Leabharlann an Ardeaspaig Marsh.

Taispeántas ar líne ina gcuirtear na **Luath-mheánaoiseanna i láthair mar thréimhse bhunathraithe ina raibh malartú cultúrtha** le feiceáil sna cultúir réigiúnacha éagsúla a bhí san Eoraip ó Éirinn go dtí an Mheánmhuir, ón gceantar Baltach go dtí an Ghréig agus an Spáinn. Le téamaí uileghabhálacha na nascachta agus na héagsúlachta, cuirtear cruth ar na gnéithe indibhidiúla, ar nós oidhreacht na hImpireachta Rómhánaí, tionchar an taistil agus na cogáiochta, agus an chaoi inar léiríodh féiniúlacht agus an nasc idir eolas agus creideamh. Is féidir réada agus imeachtaí na tréimhse a fhiosrú leis an amlíne idirghníomhach agus le scéalta na dtaistealaithe agus na n-oilithreach a raibh smaointe ealaíne, creidimh, taidhleoireachta agus athraithe faoina dtionchar is faoina n-anáil. Tá an suíomh taispeántais UCD seo úsáideach do mhic léinn agus mar urlis teagaisc. Faoi choimeád ag NOHO, Niall Ó hOisín, Lynda Mulvin, Anna Kadzik agus i dtaisce laistigh de Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha, UCD.

Gradaim

ERC VICTEUR: European Migrants in the British Imagination: Victorian and Neo-Victorian Culture. Dámhadh Deontas d'Ardaighde Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) de €2.5 milliún ar staidéar atá síreannach ar imirce agus cultúr. Mar chuid den staidéar cúig bliana a mbeidh an tOllamh Gerardine Meaney i gceannas air, déanfar anailís ar théacs beagnach 36,000 leabhar, i gCorpas Leabharlann na Breataine an Naoú hAois Déag, agus roinnfidh siad iad i bhfoirm dhigiteach leis an bhfoireann taighde. <https://projectvicteur.com/victeur>

Dámhadh Maoliniú FEÉ an Tionscnamh Taighde Ardáin de 20,000 ar an Dr. Maria Mulvany, an Dr. Derek Greene, an tOllamh Gerardine Meaney as an tionscnamh acmhainní oideachais/Novel Analytics a fhorbairt: Tacú leis an gCuraclam Ríomheolaíochta Meánscoile www.novelanalytics.ie Arna maoliniú ag FEÉ/Lárionad Insight um Anailísíocht Sonrai - Tionscnamh Taighde Ardáin: Cineál 1: Cás Staidéir19 Meitheamh 2023 - Meitheamh 2024 Ceannaire an Tionscadail: An Dr. Maria Mulvany: Is é aidhm an tionscadail seo ná taisclann ar líne a chur ar fáil d'acmhainní teagaisc agus foghlama do mhúinteoirí agus mic léinn le

haghaidh “Snáithe 3: Ríomheolaíocht i bhFeidhm: Tasc Foghlama Feidhmeach (ALT) 2: Anailísíocht” ar churaclam nua na Sraithe Sinsearaí sa Ríomheolaíocht. Tá sé i gceist againn a thaispeáint conas is féidir modhanna ríomheolaíochta a chur le cuir chuige atá bunaithe ar dhaonnachtaí ar bhealach rathúil chun staidéar a dhéanamh ar nithe cultúrtha agus chun ranpháirtíocht níos mó san ábhar seo agus éileamh níos mó air a spreagadh.

Dámhadh maioniú FEÉ an Tionscnaimh Taighde Ardáin le haghaidh Sonraí Inscne, Cultúir agus Stairiúla: I dTreo AI Criticiúil de €90,628 ar Gerardine Meaney, Derek Greene, agus Maria Mulvany agus Karen Wade mar phríomh-chomhoibritheoirí acu. Mí Mheán Fómhair 2024 - Mí Mheán Fómhair 2025

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo treoirthionscadal le haghaidh leabharlann ar líne a chruthú chun an méid a chuir mná na hÉireann le litríocht agus stair a phróifíliú agus a chur chun cinn, trí úsáid a bhaint as meáin agus acmhainní digiteacha chun taighde nua a chumasú agus chun ranpháirtíocht phoiblí a spreagadh. Fiosróidh sé conas is féidir le cur chuige lónra shóisialta idirphlé a chruthú idir faisinéis bheathaisnéiseach stórálte ar phearsana móra agus beaga ó thaobh stair, chultúr agus pholaitíocht na hÉireann in Dictionary of Irish Biography, áit a bhfuil breis is 9000 cuntas beathaisnéiseach ón tréimhse réamhstaire go dtí an lá atá inniu ann. Fiosróidh sé freisin an fhéidearthacht a bhaineann le SNA a úsáid chun idirphlé a chruthú idir acmhainní atá comhthreomhar ach atá scoite óna chéile i láthair na huaire agus atá sírithe den chuid is mó ar inscne amháin nó ar inscne eile i láthair na huaire, trí úsáid a bhaint as an tacar sonraí beathaisnéiseacha sách mór atá leabaithe in Field Day Anthologies of Women’s Writing and Tradition, atá á óstáil go digiteach ag JSTOR i gcomhar leis an Leabharlann agus le Scoil na Staire agus na hAntraipeolaíochta in QUB.

Dámhadh Comhalaíocht Iardhochtúireachta Comhpháirtíochta Fiontraíochta Dá Bhliain ón gComhairle um Thaighde in Éirinn de chuid Rialtas na hÉireann ar an Dr. Katie Mishler 2021-23.

Dámhadh Comhalaíocht Taighde Iardhochtúireachta Blíana ón gComhairle um Thaighde in Éirinn de chuid Rialtas na hÉireann ar an Dr. Maria Mulvany 2021-2022.

Chuir Qiu, Fangzhe (Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD) túis leis an tionscadal atá maoinithe ag deontas tionscnaimh ón gComhairle Eorpach um Thaighde dar teideal ‘Fluid texts and scholars’ digests: (re)production of law in medieval Ireland’ (Meán Fómhair). Tugadh cuireadh dó cainteanna a thabhairt in St Michael’s College Toronto, UCC agus Cambridge ar ábhair a bhaineann leis an Luath-Fhéineachas.

Chuir an Dr. Qiu páipéir i láthair ag comhdhálacha in Reykjavik, Leeds, Utrecht, Göttingen agus *Lá Taighde* ina scoil féin. D’eagraigh sé seimineár seachtaire chun notaí imill a léamh ó mhí Feabhra 2024, a raibh an-rath air. D’eagraigh sé Léachtaí Cuimhneacháin Bergin bliantúla dá scoil féin. Reáchtálfaidh an tOllamh Gregory Toner, ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste an chéad cheann eile i mí na Samhna seo chugainn.



CRUTHAITHEACHT RANNPHÁIRTÍOCHTA

Cruthaitheacht Rannpháirtíochta | Engaged Creativity

Ceannaire an tSnáithe: P.J. Mathews

Réamhrá

Mar fhobairt ar oidhreacht chruthaitheachta throm Ealaíona agus Daonnachtaí UCD, fuinneamh cruthaitheach Bhaile Átha Cliath, agus an cháil chultúrtha idirnáisiúnta atá ag Éirinn, tá Cruthaitheacht Rannpháirtíochta ag iarraidh tallann chruthaitheach den chéad scoth a fhobairt, taighde cleachtasbhunaithe a chothú, cuir chuige chruthaitheacha maidir le ceisteanna taighde agus fadhbanna sóisialta casta a úsáid, agus rannpháirtíocht iarmharach a chothú le pobail lasmuigh den saol acadúil. Mar chuid den téama seo, tá cuir chuige nuálacha maidir le cleachtas agus taibhléiriú cruthaitheach ar fud disciplíní éagsúla ar nós Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Dráma, Scannánaíochta, Ceoil agus Cruthú Inneachair Dhigitigh. Cuireann taighdeoirí sa snáithe seo fócas disciplíneach ar réimsí téamacha ar nós oidhreacht chultúrtha, tionscail chruthaitheacha, daonnachtaí timpeallachta, bunathrú sóisialta agus nuálaíocht dhigiteach.

Tá sé mar aidhm ag Cruthaitheacht Rannpháirtíochta éiceachóras cruthaitheach/criticiúil a fhobairt in UCD, a bheidh á chothú ag taighde acadúil ceannródaíoch agus ag fuinneamh earnáil chruthaitheach na hÉireann. Is iad acadóirí agus ealaíontóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu atá i mbun oibre ar an snáithe seo agus tugann Acadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha tacáiocht di. Cuireann na saoráidí úrscothacha i spás taibhléirithe ilmheánach Trapdoor agus i Saotharlann Taighde na nEalaíon Cruthaitheach (CARL) feabhas ar ár gcuid oibre leis na tionscail

chruthaitheacha agus lenár gcomhpháirtithe acadúla. Cuireann an snáithe taighde seo go mór le comhfhiontair taighde iarmharacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Una Europa, Aeráid EIT, agus Cultúr agus Cruthaitheacht EIT.

Foilseachán



Rogha foilseachán lena n-áirítear:

Dhá úrscéal le Anne Enright; Actress (Jonathan Cape, 2020) agus The Wren (Jonathan Cape, 2023).

Ruth & Pen (Hamish Hamilton/Penguin, 2022) de chuid Emilie Pine

Úrscéal Paul Perry, The Garden (New Island, 2021).

Gearrscéal Paula McGrath, 'An Múinteoir (The Schoolteacher)' a foilsíodh san Irish Times (2021).


Sa phictiúr tá: clúdach

Ruth & Pen, Emilie Pine

Foilsíodh bailiúcháin filíochta The Matter of the Heart (Red Squirrel, 2023) le Ian Davidson; Republic (Seren, 2023) le Nerys Williams; Jamais Vu (Salmon, 2022) le Paul Perry; agus The Century (Milkweed, 2020) le hÉireann Lorsung.

Bhí script drámaíochta Nic Pillai 'Albert Ayler's Ghost' le feiceáil in Jazz Research Journal (2022).

Rinneadh an céadtaispeántas obair chórúil Peter Moran, Benedictus, a choimisiúnaigh Acadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha, in 2021.



Rinneadh an chéad taispeántas de EVA de chuid Kellie Hughes, a ndéantar comóradh ar Eva Gore-Booth in Amharclann Hawk's Well (2022).

Dhear agus léirigh P.J. Mathews clár faisnéise teilifíse, The Flourishing (RTÉ, 2021), agus

scríobh agus stiúir Jonathan C. Creasy scannán faisnéise fada, The Blue Shroud, a ndearnadh a chéad taispeántas ag Chicago Irish Film Festival in 2021.

D'fhoilsigh Victoria Durrer, Aoife McGrath agus Emma McAlister tuarascáil IRC, Acmhainneacht do na Tionscail Chultúrtha a Fhorbairt (Building Capacity for the Cultural Industries) (2023).

Bhí taispeántas faoi chóiméad ag Jo Day agus Pádraic E. Moore Músaem na Seanstaire (Iarsmalann Chlasaiceach UCD, 2021).

Bhí an taispeántas, 'Heaney and the Classics' (2023) faoi choimeád Joseph Hassett le Bailiúcháin Speisialta UCD. In 2022, mar chuid de thionscadal An Filíocht mar Chomóradh de chuid Leabharlann UCD, coimisiúnaíodh suiteáin nua filíochta agus ealaíon poiblí chun an chomhthuiscint ar an stair a mhéadú.

In mí Aibreáin 2023, chuir Cnuasach Bhéaloideas Éireann ábhar leis an tsraith faisnéise 'The Silent Civil War', comhfhiontar idir Scratch Films agus RTÉ.

Maoiniú

Evelyn Flanagan, Lucy Collins agus Ursula Byrne, An Fhilíocht mar Chomóradh, Ciste Dheich mBliana na gComórtha Céad Bliain de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 2022, €370,000.

Victoria Durrer agus Aoife McGrath, Clár Taighde Thuaidh / Theas HEA, Youth Dance Matters, Nollaig 2022, €198,251.

Kellie Hughes, Dámhachtainí Chomhairle Ealaón na hÉireann, tionscadail éagsúla, 2020-23, €45,000

Ciarán Crilly, Dámhachtain Tionscadail Ceoil Chomhairle na nEalaón: The Civil War Cantata, Nollaig 2021, €38,500.

Victoria Durrer, Tionscnamh Oileáin Chomhroinnte Fondúireachtaí Nua IRC, Acmhainneacht do na Tionscail Chultúrtha a Mhéadú, Nollaig 2021, €19,985.

Victoria Durrer, Aoife McGrath, Dance Ireland, Theatre and Dance Northern Ireland, Comhfhiontar idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Spóirt, Gaeltacht agus Meán agus Scéim Cistithe Thuaisceart Éireann 2021, Dance Conversations, Meitheamh 2021, €15,161.

P.J. Mathews, an Roinn Gnóthaí Eachtracha / Turasóireacht Éireann, maoiniú le haghaidh clár faisnéise teilifise The Flourishing, Nollaig 2021, €55,000.

Peter Moran, Dámhachtain Chomhairle Ealaón na hÉireann, ensemble tobchumadóireachta agus clár faisnéise fise, 2022, €20,000.

Paula McGrath, Sparánacht Chomhairle Ealaón na hÉireann 2020 & 2022, €30,000.



(Ó Chlé go Deas) Paddy Glackin, Mary Bergin agus Paul Brady
in *The Flourishing*.

Peter Moran, Cistíú ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, agus For-rochtain UCD le haghaidh ceardlann, taifeadtaí agus taibhléirithe cumtha amhrán le pobal gan dídean i mBaile Átha Cliath, 2019-20 (€12,000).

Dunk Murphy, Ciste EQUIP Thaighde UCD, le haghaidh Shaotharlann Taighde na nEalaón Cruthaitheach, Iúil 2023, €55,459.

Imeachtaí

Kellie Hughes, **Roller Skates and Ruins**, taispeántas ag Dánlann Náisiúnta na hÉireann le Scoláirí Taibhealaón Acadamh Ad Astra UCD. Mártá 2023

Nicolas Pillai, '**RTE Creative Futures**', ceardlann maidir le scileanna cruthaitheacha agus éagsúla i meáin na hÉireann, campas UCD agus RTÉ, 2022.

P.J. Mathews, **Live@Belfield**, ceolchoirm bheo i Halla Uí Raghallaigh inar ceiliúradh príomhcheoltóirí Athbheochan Cheol Traidisiúnta na hÉireann, Márt, 2022.

Peter Moran, céad taispeántas ceolchoirme, **Three Mystic Love Songs**, le haghaidh gutha agus uirlisí leictreonacha, arna chumadh ag Peter Moran, arna chanadh ag Elizabeth Hilliard, An Ceoláras Náisiúnta, an 12 Meitheamh, 2023.

Peter Moran, (céad taispeántas ceolchoirme), **The Humours of Parov**, arna chumadh ag Dónal Lunny, arna chur oiriúint do ghamalan agus basúcaí ag Peter Moran, arna thaibhléiriú ag Dónal Lunny agus Ceolfoireann Gamalan UCD, Lutherhaus, Baile Átha Cliath, Aibreán 2023.

Ciarán Crilly, ‘**Perspectives on Conducting: Tradition & Innovation**’, Perform_Live: An Chéad Fhéile Taighde Taibhléirithe, An Ceoláras Náisiúnta, Márt 2022.

Gradaim

Bronnadh Gradam Kate O’Brien 2023 ar Emilie Pine as a húrscéal Ruth and Pen.

Ba é P.J. Mathews an scríbhneoir scripte do chlár Faisnéise Sky Arts, Voices of Ireland, a bhuaigh gradam Royal Television Society Award (Special Factual) 2022.

scríobh agus stiúir Jonathan C. Creasy, Ealaíontóir Cónaithe, Centre Culturel Irlandais, Páras, 2022.

In 2020 bhí Paula McGrath ar an ngearrliosta do Ghradam Litríochta Ambasadóirí Francophonie na hÉireann (French A History of Running Away).

Ba í Éireann Lorsung buaiteoir Maine Literary Award for Poetry (The Century) 2021, agus rinne an American Antiquarian Society Comhalta Baron di in 2020.



DAONNACHTAÍ TIMPEALLACHTA

Daonnachaí Timpeallachta | Environmental Humanities

Ceannaire an tSnáithe: Sharae Deckard

Réamhrá

I ré an athraithe aeráide, tá ceisteanna maidir le bia, fuinneamh uisce agus talamh níos práinní ná riamh, agus daoine ag fiosrú an ghaoil atá acu leis an gcuid eile den dúlra ag iarraidh leaganacha níos fuasailte a shamhlú maidir leis an gcaidreamh idir an nádúr agus an tsochaí. Cuireann grúpa taighde idirdhisciplíneach na nDaonnachaí Timpeallachta modhanna daonnachaíocha agus praitic chruthaitheach i bhfeidhm ar dhúshláin timpeallachta, le béim ar an gcumas atá ag an gcritic chultúrtha agus cleachtas cruthaitheach léargas a thabhairt ar cheisteanna eiticiúla agus polaitiúla maidir le géarchéimeanna éiceolaíochta. Is é aidhm straitéiseach an ghrúpa seo ná cur i gcoinne tuiscintí deighilte ar ‘nádúr’ agus ‘cultúr’, agus na bearnaí disciplíneacha idir ‘an dá chultúr’, na heolaíochtaí agus na daonnachaí, a dhúnadh agus fiosrú conas a bhíonn cruthú timpeallachta fite fuaite i gcónaí le ceisteanna sóisialta.

Clúdaíonn saineolas ré na Seanstaire síos go dtí an lá atá inniu ann agus tá raon leathan tíreolaíochtaí mar chuid de freisin. Tugann an grúpa taighde idirdhisciplíneach baill ó Theangacha, Cultúr agus Teangeolaíocht le chéile freisin; Béalta, Drámaíocht, Scannánaíocht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach; Stair, na Clasaicí; An Ghaeilge, an Léann

Ceilteach agus Béaloideas, Stair na nEalaíon agus an Polasaí Cultúrtha; chomh maith le comhlaigh onóracha ó Thíreolaíocht; Seandálaíocht; Socheolaíocht; iCRAAG, An Léann Eolais agus Cumarsáide, agus Ailtireacht, Pleanáil agus Polasaí Timpeallachta.

Le cohórt mór ball atá ag obair ar tháirgeadh litríochta agus cultúrtha ó shuímh iar/choilíneachta, Eorpacha agus suímh ón Domhan Theas, tá buanna ar leith ag an ngrúpa maidir le cuir chuige chomparáideacha agus thrasnáisiúnta, agus tá suim aige i gceisteanna a bhaineann le héicea-aistriúchán, teanga agus éici-fhilíocht. I measc réimse eile a bhfuil grúpálacha láidre taighdeora acu, tá daonnachtaí gorma agus léann aigéin criticiúil, léann dramhaíola agus tocsaineachta, impiriúlachas acmhainní agus eastóscachas, daonnachtaí fuinnimh agus peitreachtultúir, an t-aistriú cóir agus ceartas aeráide, léann ainmhithe agus léann díofa, timpeallachtaí sa tseanstair agus sa luath-nua-stair, agus an méid atá i gcomhar idir na daonnachtaí agus sláinte an phláinéid.

Foilseacháin

Go dtí seo, tá taighdeoirí an tsnáithe an-bhisiúil go deo, agus eagarthóireacht déanta acu ar eagrán agus imleabhair speisialta agus monagraif, caibidlí agus ailt irisleabhair á gcruthú acu, chomh maith le filíocht, ficsan, agus leaganacha eile praitice cruthaithí agus ealaíonta. Seo rogha beag óna gcuid oibre:

Patrick Anthony, ‘The View from the Wachtberg: Surveying a Mineral Empire in Central Asian Borderlands’ in *Die Tagebücher der russisch-sibirischen Reise*, Humboldt Berlin-Brandenburgische Akademie der Wissenschaften, 2023.

John Brannigan, ‘The Oceanic Imaginaries of Modern Irish Writing’, in *A History of Irish Literature and the Environment*, CUP, 2022.

Patrick Brodie agus Patrick Bresnihan. ‘From toxic industries to green extractivism: rural environmental struggles, multinational corporations and Ireland’s postcolonial ecological regime’, *Irish Studies Review* 32.1 (2024):93-122.

Tomas Buitendijk, ‘Sand Patterns: Distributed Agency and the Idea of “Working with Nature” in Coastal Environments’, *Cultural Geographies* 2024, <https://journals.sagepub.com/doi/10.1177/14744740241247842>

Ailise Bulfin, ‘Fast lapsing back into barbarism: Social Evolution, the Myth of Progress and the Gothic Past in Late-Victorian Invasion and Catastrophe Fiction’, *Victorian Popular Fictions* 5.1 (2023):37-57.

Ashley Cahillane, ‘Environmental Justice in Contemporary US Narratives’, *Green Letters* 25.1 (2021):94-9.

Lucy Collins agus Sharae Deckard (eagarthóirí). ‘Food, Energy, Climate: Irish Culture and World-Ecology.’ *Irish University Review* 49.1 (2019)

Sarah Comyn, “‘A vast field in itself’: Acclimatisation, Phrenology and Salvage Ethnography in the Goldfields Mechanics’ Institutes’, *Journal of Colonialism and Colonial History* 23.1, 2022.

Ian Davidson, ‘Making Your Mark: Ecologies of Language’, *Yearbook of English Studies*, 2021.

Sharae Deckard, Michael Niblett agus Stephen Shapiro. *Tracking Capital: World-Systems, World-Ecology, World-Culture*. State University New York UP, 2024.

Claudia Dellacasa, ‘The Voice of Vibrant Matter: Eco-Polyphony in Ruth Ozeki’s *A Tale for the Time Being*’, *ISLE* 2024, <https://doi.org/10.1093/isle/isae007>

Treasa De Loughry, ‘Incendiary Devices: Imagining E-Waste Frontiers and Africa’s Digital Futures’, in *CLCWeb: Comparative Literature and Culture* 24:1, 2022.

Victoria Durrer, ‘Cultural Policy Actions towards Urban Sustainability: Research and Practice Collaborations’, *City, Culture and Society* 37 (2024)

Katherine Fama, “‘Home Feeling in the Heart’: Domestic Feeling and Institutional Space in the America Progressive Era”, in *Between the Local and the Global: Exploring Architecture and Emotions through Space and Place*. 2022

Lachlan Fleetwood, *Science on the Roof of the World: Empire and the Remaking of the Himalaya*, CUP 2022.

Jennifer Keating, *On Arid ground: Political Ecologies of Empire in Russian Central Asia*, OUP, 2022.

Claas Kirchelle, ‘The Antibiocene – towards an eco-social analysis of humanity’s antimicrobial footprint’, *Humanities and Social Sciences Communications* 10.1 (2023).

Megan Kuster agus A. Caine, ‘Kinship and Indigenous Anti-Commodities’, in *Commodities and Literature*, CUP, 2023.

Bairbre Ní Fhloinn, ‘The Environmental Vocabulary of Irish Folklore’ in: M. Sen (eag.), *A History of Irish Literature and the Environment*, Cambridge University Press, 2022.

Imeachtaí


Tá an iliomad imeachtaí eagraithe ag ár mbaill snáithe dhinimiciúla le ceithre bliana anuas, idir cheardlanna, mhalartuithe cárta poist, thaispeántais, léamha, thaispeáintí scannán, aoiléachtaí agus seimineáir ghréasáin lena n-áirítar an tsraith ‘MINERALS’ agus ‘Daonnachtaí Timpeallachta Fíorúla UCD’, chomh maith le siompóisiam agus comhdhálacha níos mó. Níl anseo ach sampla beag dá gcuid gníomhaíochtaí:

Measuring Eurasia: Survey Sciences at the Edges of Empire, 26-27 Meitheamh, 2024. Arna chur in eagair ag Patrick Anthony, le maoiniú ó UCD HI, Daonnachtáí Timpeallachtaí, CAH, IRC agus Institiúid Domhaneolaíochta, fiosraíodh sa chomhdháil seo cuir chuige ildisciplíneacha agus dhíchoilíneacha maidir le heolaíochtaí suirbhéireachta stairiúla.

Energy Transitions: Culture, Pedagogy, Degrowth, 5-6 Meitheamh, 2024. Arna chur in eagair ag Sharae Deckard, Treasa De Loughry, agus Caleb O'Connor mar chuid den tionscadal ‘Cultural Imaginaries of Just Transition’, bhí ceardlann mar chuid den chomhdháil seo ar an “Ollscoil Dífháis” agus i measc na n-aoichainteoirí bhí Sheena Wilson.

Nonhuman Animals in the Age of Extinction and Mass Production, 16-17 Bealtaine, 2024.

D'eagraigh Poulomi Choudhury agus Deborah Schrijvers an chomhdháil idirdhisciplíneach seo ar léann na n-ainmhithe agus díobhadh i Mol Eolaíochta DCU, le heochairoráidí ó Sarah Bezan agus John Miller, chomh maith le taispeántas póstaer.



Theorising Research Ecologies: Location, Networking Conditions and the Environmental Humanities, 11 Aibreán, 2024. Arna chur in eagair ag Ashley Cahillane, agus arna mhaoiniú ag MARBEFES agus tionscadal Cultural Imaginaries of Just Transitions, bhí eochairoráidí sa cheardlann seo ó Michelle Bastian agus Sam Solnick agus taispeánadh an scannán *Making Dust*.

Pedagogy, Sustainability, & the Environment: Mini Series, Fómhar 2023-Earrach, 2024. D'eagraigh Treasa De Loughry agus Victoria Durrera an tsraith idirdhisciplíneach seimineár gréasán, ceardlann agus ceardlann siúil seo, inar díríodh ar oideolaíocht chomhshaoil agus ina raibh cainteoirí áitiúla agus aoichainteoirí, ina measc Kate Oakley, Mark Banks, Hugh Campbell, agus Rike Sitas.

LANDINGS: ART AFTER EXTRACTIVISM
AN EXHIBITION AT THE UCD HUMANITIES INSTITUTE
20 — 25 MAY 2024 | 12 — 7 PM | ROOM H.204



Post-Extractivist Legacies and Landscapes: Humanities, Artistic and Activist Responses, 4-8 Iúil, 2023. Arna chur in eagair ag Sarah Comyn, Megan Kuster, agus Anne Fuchs mar chuid dá nInstitiúid don Léann Daonna Domhanda, san imeacht seo fiosraíodh an nasc idir próisis eastóscacha mhianadóireachta agus an mbealach ina n-oibríonn ealaíontóirí agus gníomhaithe chun an cruth a d'fhéadfadh a bheith ar thírdhreacha iarthochailte amach anseo a shamhlú. Mar chuid den tionscadal iomlán, bhí sraith de

cheardlanna trasdisciplíneacha, cuairteanna suímh agus saothair ealaíne choimisiúnaithe, agus chuir an taispeántas, ‘Landings: Art after Extractivism’ clabhsúr leis ar an 20 Bealtaine, 2024.

Growing Pains: Contemporary Culture and the Crises of Growth, 2 Meitheamh, 2023. Sa siompóisiam seo, arna chur in eagarr ag Sean O’Brien le maoiniú ó IRC, Daonnachtaí Timpeallachta agus CAH, bhí béim ar an teoiric dífháis agus eochairoráid ó Matthias Schmelzer.

Turbulence / Emergence / Enchantment, Nollaig 2022. San imeacht hibrídeach seo arna chur in eagarr ag Giacomo Savani, bhí comhfiontar idir ealaíontóirí agus taighdeoirí Éireannacha agus Albanacha agus mar bhailechríoch leis an imeacht bhí ‘Bailiúchán Inniúlachtaí Aeráide,’ digiteach ann a bhí á chomhreáchtáil ag Daonnachtaí Timpeallachta UCD, St Andrew’s University, agus ionad idirnáisiúnta ealaíontóirí cónaithe Cove Park.

‘Speculative Environments and Prospective Anthropocenes’ Bealtaine 2022. D’eagraigh Ailise Bulfin agus Paula McGrath an comhphlé seo leis na haoichainteoirí Sarah Bezan agus Sam Solnick, agus cuireadh ar fáil é ina dhiaidh sin ar phodchraoladh ‘Green Listening: Discussions in Ecocriticism’ le ASLE.

Maoiniú

Bhain baill den snáithe leas as leibhéal éagsúla chistithe, ó thionscadail mórscaíla ar nós ‘Extractivist Landscapes: Humanities, Artistic and Activist Responses’ arna mhaoiniú ag Institiúid don Léann Daonna Domhanda Andrew W. Mellon faoi stiúir Megan Kuster agus Sarah Comyn, agus tionscadal a bhuaigh deontas Tionscnaimh IRC ‘Imperial Minerals’ faoi stiúir Sarah Comyn, go dtí na príomhthionscadail snáithe taighde a mhaoinigh UCD HI agus CAH: ‘Empires and Ecologies’ agus ‘Cultural Imaginaries of Just Transition.’

D’éisigh le baill cistíú na hInstitiúide Domhaneolaíochta a ghnóthachain le haghaidh tionscadail idirdhisciplíneach inar tugadh le chéile scoláirí agus taighdeoirí daonnachta ó lasmuigh den choláiste, leithéidí ‘Irish Energy Narratives in Transition’ faoi stiúir Treasa De Loughry, Patrick Brodie agus Tomas Buitendijk agus á mhaoiniú ag SPS, agus na comhdhámhachtainí idir an British Academy agus RIA as comhfiontair le taighdeoirí eile atá bunaithe in Éirinn agus sa RA, lena n-áirítear an comhphlé agus podchraoladh ar ‘Speculative Environments and Prospective Anthropocenes’ arna eagrú ag Ailise Bulfin agus Paula McGrath, agus na himeachtaí ‘Cearta Nadúir’ a d’eagraigh Treasa De Loughry in éineacht le Olaf Almqvist agus Noreen O’Meara.

Bhí fíorthábhacht ag an IRC mar fhoinse cistithe don snáithe, agus mhaoinigh sé naoi gcomháltacht iardhochtúireachta éagsúla le ceithre bliana anuas ar thopací a bhaineann le daonnachtaí timpeallachta, agus mhaoinigh scéimeanna IRC agus Ad Astra sé thionscadal PhD. I measc na bhfoinsí eile cistithe, tá comháltacht Margarita Salas do thaighdeoirí ar cuairt ón Spáinn, maoiniú Cove Park d’amharcealaíontóirí agus comhéadain chruthaitheacha, tionscadal MARBEFES agus tionscadal MESSAGE. Tá comháltachtaí taighde mór le rá faigte ag mic léinn PhD le haghaidh taistil agus clár, mar shampla Comháltachtaí Earth a dhámh an Edinburgh Earth Initiative, agus scoláireachtaí chuig scoileanna teoirice samhraidh san RA agus san Ísiltír.

Gradaim

I dTaispeántas agus Gradaim Institiúid Domhaneolaíochta UCD 2023 le haghaidh an Chomhshaoil agus Inbhuanaitheachta, moladh roinnt ball den snáithe:


- Bhuaigh mac léinn Deborah Schrijvers gradam Dea-Shaoránachta sa Chatagóir Iarchéime as a hobair mar chúnóir taighde don snáithe, agus na meáin shóisialta á riár aici agus í ag cabhrú le cainteanna agus imeachtaí straithe a chur chun cinn.
- Moladh Claudia Dellacasa go hard na spéire i gcatagóir ECR as a hobair chun Grúpa Léitheoireachta Dhaonnachtaí Timpeallachta UCD a thosú agus a riár, mar ar chothaigh sí léitheoireacht agus taighde idirdhisciplíneach, agus mar ar chabhraigh sí le pobal a chruthú do thaighdeoirí luathghairme agus iarchéime.
- Moladh Sharae Deckard go hard na spéire sa chatagóir Taighdeora Seanbhunaithe as a hobair chun an snáithe taighde a riár, inar chuir sí naisc idirdhisciplíneacha chun cinn agus ina ndearna sí meantóireacht ar thaighdeoirí iarchéime agus iardhochtúireachta.

Bronnadh Bonn Sármhaitheasa Maurice J. Bric ar an gComhalta Iardhochtúireachta IRC, Claudia Dellacasa, freisin, as í a bheith ar an gcomhalta iardhochtúireachta IRC is fearr sa scéim iarratais do 2021-2022 mar gheall ar a tionscnamh ar ‘Intersectional Eco-Polyphony: Cross-Cultural and Cross-Species Dialogues in Contemporary Women’s Writing (1960s-2020s).’

Bronnadh Duais Chuimhneacháin Turriano agus Joan Thirsk ar Claas Kirchelle, a bpléann a chuid oibre ar an micribhithóm le snáitheanna daonnachtaí leighis agus timpeallachta araon, as a leabhar, *Pyrrhic Progress. The History of Antibiotics in Anglo-American Food Production* (Rutgers UP).

Chuir Sharae Deckard caibidil ar ‘Gotachas Eastóscach’ leis an *The Edinburgh Companion to Globalgothic* arna chur in eagair ag Rebecca Duncan, leabhar a bhuaigh Gradam Justin D. Edwards de chuid an International Gothic Association as an mbailiúchán is fearr eagarthóireacht in 2024.

AN tSLÁINTE, AN MHÍOCHAINÉ AGUS AN FHOLLÁINE



An tSláinte, an Mhíochaine agus an Fholláine | Health, Medicine, and Wellbeing

Ceannairí an tSnáithe: Catherine Cox agus Maria Stuart

Réamhrá

Sláinte agus folláine – bíonn sochaithe ite ag an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach, dhaonna agus ainmhithe,anois agus san am a d'imigh thart. Tá sé mar aidhm ag disciplín na ndaonnachtaí leighis an tsláinte a fheabhsú trí thuiscint a fháil ar eispéireas an duine. I gColáiste na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí, déanann grúpa idirdhisciplíneach fiosrú ar fhrámálacha sóisialta, eacnamaíochta, eolaíochta, polaitiúil agus geopholaitiúil agus timpeallachta na sláinte agus na folláine. Measaimid conas a chuireann stáit, pobail agus duine aonair sláinte, míochaine agus folláine chun cinn, conas a rialálann agus a shamhláíonn siad iad, agus conas a théann inscne, claoindh gnéis, cine, creideamh agus eitneacht isteach ina chéile. Déanann ár ngrúpa iniúchadh ar leaganacha éagsúla de léirithe cultúrtha agus teanga ar na hábhair seo agus spreagaimid rannpháirtíocht agus machnamh criticiúil. Déanann scoláirí a machnamh ar cheisteanna taighde maidir le scálaí cróineolaíochta agus tíreolaíocht éagsúla, agus i suímh chultúrtha éagsúla.

Foilseacháin

Leabhair

Catherine Cox agus H. Marland, *Disorder Contained. Mental Breakdown and the Modern Prison in England and Ireland, 1840 – 1900*, Cambridge University Press, 2022.

C. Comer agus Ashley Taggart, *Brain, Mind and the Narrative Imagination*, Bloomsbury, 2021

Claas Kirchhelle, *Pyrrhic Progress. The History of Antibiotics in Anglo-American Food Production*, Rutgers University Press, 2020.

Claas Kirchhelle, *Bearing Witness. Ruth Harrison and British Farm Animal Welfare*, Palgrave MacMillan, 2021.

Claas Kirchhelle, *Typhoid: The Past, Present, and Future of an Ancient Disease*, Scala Arts & Heritage, 2022

Fionnuala Walsh, *Irish women and the Great War*, Cambridge University Press, 2020

Bailiúcháin Eagraithe

Lucy Cogan agus Michelle O'Connell (eagarthóirí), *Life, Death, and Consciousness in the Long Nineteenth Century*, Palgrave 2022. <https://doi.org/10.1007/978-3-031-13363-3>

Alice Maugeragus P. Clark (eagarthóirí), ‘Special Issue: Cultural Representations of Intoxication’, *Cultural and Social History* 20:1, 2023

Maria Stuart agus D. Martin (eagarthóirí). ‘Metaphoric Stammers and Embodied Speakers: Cultural, Clinical, and Creative Approaches to Dysfluent Speech’, *Journal of Interdisciplinary Voice Studies*, Special Issue 5:2, 2021.

Ailt agus caibidlí leabhair

Ailise Bulfin, “‘I’ll touch whatever I want’: representing child sexual abuse in contemporary children’s and young adult gothic”, *Gothic Studies*, 23:1, 2021. [doi:10.3366/gothic.2021.0076](https://doi.org/10.3366/gothic.2021.0076)

Ailise Bulfin, “‘Monster, give me my child’: How the myth of the paedophile as a monstrous stranger took shape in emerging discourses on child sexual abuse in late nineteenth-century Britain”, *Nineteenth Century Contexts*, 43:2, 2021.

<https://doi.org/10.1080/08905495.2021.1897373>

Lucy Cogan, ‘Dorothea Du Bois’ Theodora: Drinking, Duelling and Domestic Violence in Eighteenth-Century Irish Literature’, *Social History of Drugs and Medicine* <https://doi.org/10.1086/725505>

